



Ciorclán 0072/2017

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, Meánscoileanna
Scoileanna Cuimsitheacha agus Pobail Aitheanta
agus
chuig Príomhfheidhmeannacha na mBhord Oideachais agus Oiliúna**

Mearbhúchán do scoileanna maidir le spriocdháta 31 Nollaig le haghaidh grinnfhiosrú iarghabhálach den fhoireann mhúinteoireachta, neamh- mhúinteoireachta agus eile

1. Cuspóir

1.1. Is é príomhchuspóir an chiorcláin seo ná –

- a. a. meabhrú d'údaráis na scoile a n-oibleagáidí reachtúla faoi chuid 21 den Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Páistí agus Daoine Leochaileacha) Achtanna 2012 do 2016 (an tAcht Grinnfhiosrúcháin) maidir le grinnfhiosrúchán iarghabhálach den fhoireann mhúinteoireachta, an fhoireann neamhmhúinteoireachta agus daoine eile nach bhfuil grinnfhiosrúcháin Garda déanta orthu roimhe agus a thugann faoi obair nó gníomhaíochtaí cuí le páistí nó daoine leochaileacha

agus

- b. b. meabhrú do na húdaráis faoi na céimeanna praiticiúla nach mór bheith tugtha lena chinntiú go gcuirfí iarratais maidir le grinnfhiosrúcháin iarghabhálacha le haghaidh foireann mhúinteoireachta, neamhmhúinteoireachta agus daoine eile nach bhfuil grinnfhiosrúcháin Garda déanta orthu roimhe isteach faoin spriocdháta 31 Nollaig 2017

2. Sainmhínte

2.1 Tá na sainmhínte leagtha amach i gcuid 2 de Chiorclán 0016/2017 i bhfeidhm sa Chiorclán seo fosta.

3. Ginearálta

- 3.1 Ba chóir an ciorclán seo a léamh i gcomhar le Ciorclán 0016/2017, a leagann amach na riachtanais de chuid 21 den Acht Grinnfhiosrúcháin maidir le grinnfhiosrúcháin iarghabhálacha d'oibrithe agus daoine eile nach bhfuil grinnfhiosrúchán Garda déanta orthu roimhe agus a thugann faoi obair nó gníomhaíochtaí cuí le páistí agus daoine leochaileacha.
- 3.2 Meabhraítear d'údaráis scoile faoi chuid 21 den Acht Grinnfhiosrúcháin, nach mór dóibh a chinntiú go gcuirfí na hiarratais le haghaidh grinnfhiosrúcháin iarghabhálacha d'aon oibrí agus daoine eile ag tabhairt faoi obair nó gníomhaíochtaí cuí le páistí nó daoine leochaileacha, agus nach bhfuil grinnfhiosrúcháin déanta orthu roimhe, faoi 31 Nollaig 2017.
- 3.3 Ba chóir go mbeadh údaráis scoile ar an eolas muna ngéillítear, gan leithscéal réasúnta, le riachtanais grinnfhiosrúcháin iarghabhálacha an Achta, gur cion inphionóis é a ngabhann fíneáil €10,000 leis nó tréimhse príosúin suas go cúig bliana nó an dá rud.
- 3.4 Is ceart a rá nach gá grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar dhuine a bhfuarthas a thoradh grinnfhiosrúcháin GCVU nó faisnéisiú Biúró de réir riachtanais iarghabhálacha an Achta Grinnfhiosrúcháin. I gcás múinteoir cláraithe, áit a bhfuil litir Ghrinnfhiosrúcháin an Chomhairle Mhúinteoireachta faighte ag údarás scoile maidir leis an múinteoir nó teacht ar fhaisnéisiú biúró maidir leis an múinteoir (trí chlár ar líne leictreonach de mhúinteoirí an Chomhairle Mhúinteoireachta), níl aon riachtanas ann d'údarás scoile cuí grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar an múinteoir sin de réir riachtanais iarghabhálacha an Achta Grinnfhiosrúcháin.

4. Grinnfhiosrúchán iarghabhálach de mhúinteoirí cláraithe

- 4.1 Leag Ciorclán 0016/2017 amach na socruithe a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh grinnfhiosrúcháin iarghabhálacha de mhúinteoirí cláraithe. Maidir leis sin, ó Eanáir 2017, tá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag tabhairt faoin ghrinnfhiosrúchán iarghabhálach de mhúinteoirí cláraithe go dtí seo i gcomhthéacs a n-athnuachan bhliantúil de chlárúcháin.
- 4.2 Tá iarratais le haghaidh grinnfhiosrúchán iarghabhálach curtha isteach ag an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin am seo maidir le formhór na múinteoirí chláráithe nach raibh grinnfhiosrúchán déanta orthu roimhe sin. Is féidir le gach mhúinteoir mar sin, fianaise a thabhairt don údarás scoile cuí go bhfuil iarratas grinnfhiosrúcháin curtha isteach chuig an mBiúró maidir leis/léi. Is féidir seo a dhéanamh trí chóip de ríomhphost admhála an Bhiúró d'iarratas an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir leis/léi, atá ar fáil ar an gcóras rianaithe ar shuíomh gréasáin an Bhiúró. Ba chóir cóip den adhmáil seo a choinneáil le haghaidh taifead údaráis na scoile.

- 4.3 Níor chloígh roinnt múinteoirí nach bhfuil grinnfhiosrúcháin déanta orthu go fóill le hiarratas an Chomhairle Mhúinteoireachta chun tabhairt faoi ghrinnfhiosrúcháin iarghabhálacha. Iarradh go foirmiúil faoin am seo ar gach múinteoir nach bhfuil grinnfhiosrúchán déanta orthu chun tabhairt faoi ghrinnfhiosrúchán iarghabhálach i gcomhthéacs athnuachan a ch/clarúcháin. Ba chóir do gach múinteoir cloí leis an iarratas seo go láithreach in ord le bheith in áit fianaise a thabhairt d'údarás na scoile (mar atá leagtha amach i gcuid 4.2 den chiorclán seo) go bhfuil iarratas grinnfhiosrúcháin curtha isteach chuig an mBiúró maidir leis/léi. Ba chóir do mhúinteoirí cláraithe tabhairt faoi deara muna gcloítear le hiarratas grinnfhiosrúcháin iarghabhálach an Chomhairle Mhúinteoireachta gur dócha go mbainfear den chlár iad.

Gníomhartha Láithreacha le tabhairt faoi ag na húdaráis scoile maidir le múinteoirí nach bhfuil grinnfhiosrúchán déanta orthu

- 4.4 Ba chóir d'údaráis scoile a chinntiú go bhfuil na céimeanna atá leagtha amach i gCiorclán 0016/2017 tugtha acu maidir le baill foirne cláraithe a aithint nach raibh grinnfhiosrúchán déanta orthu roimhe. I gcás aon mhúinteoir cláraithe nár thug fianaise a iarratais ghrinnfhiosrúcháin don údarás scoile go fóill, ba chóir don údarás scoile iarradh ar gach múinteoir an fhianaise seo a thabhairt d'údarás na scoile láithreach. Áit nár chloígh múinteoir cláraithe le hiarratas ghrinnfhiosrúcháin iarghabhálach an Chomhairle Mhúinteoireachta moltar don mhúinteoir seo a dhéanamh láithreach agus an fhianaise don rud céanna a thabhairt don údarás scoile chomh luath 'is atá an t-iarratas curtha isteach chuig an mBiúró. Ba chóir do mhúinteoirí cláraithe agus údaráis scoile a lua go gcuimsíonn an próiseas iarratais ghrinnfhiosrúcháin 2 chéim agus níl iarratas ghrinnfhiosrúcháin curtha isteach chuig an mBiúró go dtí go bhfuil céim 2 curtha i gcrích go hiomlán. Ag tabhairt airde ar spriocdháta an Achta Ghrinnfhiosrúcháin de 31 Nollaig 2017 le haghaidh fostóirí agus ag cur tréimhse saoire na Nollag san áireamh, tá sé ríthábhachtach go gcloíonn múinteoirí mar seo le hiarratas grinnfhiosrúcháin iarghabhálach an Chomhairle Mhúinteoireachta go láithreach.
- 4.5 Dá réir sin, i gcás aon mhúinteoir cláraithe nár thug fianaise mar sin don údarás scoile faoi 30 Samhain 2017, ba chóir don údarás scoile an múinteoir a chur ar an eolas i scríbhinn, maidir le hoibleagáidí reachtúla na scoile mar fhostóir aige/aici faoi Chuid 21 den Acht Grinnfhiosrúcháin, go bhfuil an t-údarás scoile ag iarraidh go foirmiúil ar an múinteoir sin na céimeanna riachtanacha a thabhairt lena chinntiú go ndéantar iarratas ghrinnfhiosrúcháin maidir leis/léi ag an Chomhairle Mhúinteoireachta, agus a luaithe agus é curtha isteach chuig an mBiúró chun fianaise a thabhairt don údarás scoile go bhfuil an t-iarratas grinnfhiosrúcháin curtha isteach.

Ba chóir don fhógra seo an t-eolas seo a leanas a thabhairt don mhúinteoir fosta -

- 1) go bhfreastlóidh sé nó sí ar riachtanas grinnfhiosrúcháin iarghabhálach tríd a bheith ag cloí go láithreach (ar aon nós ar a mhoille 31 Nollaig 2017) le hiarratas an Chomhairle Mhúinteoireachta chun é nó í tabhairt faoi ghrinnfhiosrúchán iarghabhálach i gcomhthéacs a h/athnuachan chlárúcháin. Ag tabhairt airde ar

spriocdháta an Achta Grinnfhiosrúcháin de 31 Nollaig 2017 le haghaidh fostóirí agus ag cur tréimhse saoire na Nollag san áireamh, tá sé ríthábhachtach go gcloíonn an múinteoir le hiarratas an Chomhairle Mhúinteoireachta go láithreach.

- 2) I gcás nach bhfuil rún ag an múinteoir cloí le hiarratas grinnfhiosrúcháin iarghabhálach an Chomhairle Mhúinteoireachta i gcomhthéacs a h/athnuachan chlárúcháin ar chúis éigin, ní mór don mhúinteoir fós, ar son a fostaíocht sa scoil, a chinntiú go ndéantar iarratas grinnfhiosrúcháin maidir leis/léi faoi 31 Nollaig 2017 agus caithfidh sé fianaise den iarratas sin a thabhairt d'údarás na scoile faoi 31 Nollaig 2017. Ní mór iarratas mar seo a chur isteach tríd an gComhairle Mhúinteoireachta ach sa gcomhthéacs ról bealaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta le haghaidh fostaíocht scoile in ionad cuspóirí clárúcháin.
- 3) As siocair go bhféadfaí tú a bhaint den chlár dá bharr cliseadh cloí le hiarratas an Chomhairle Mhúinteoireachta le haghaidh grinnfhiosrúcháin iarghabhálach, tá sé níos fearr má ghlacann an múinteoir an gníomh atá leagtha amach ag (1) thuas (i.e. cloíonn sé nó sí le hiarratas ghrinnfhiosrúcháin iarghabhálach an Chomhairle Mhúinteoireachta) mar trí seo a dhéanamh bainfidh sé nó sí riachtanais ghrinnfhiosrúcháin iarghabhálach an údarais scoile agus an Chomhairle Mhúinteora araon amach. Tríd an ngníomh atá leagtha amach ag (2) a dhéanamh, buaillfinn an múinteoir riachtanas an t-údarais scoile faoin Acht Grinnfhiosrúcháin ach tá riosca ann bheith bainte ón gclár mar gheall ar chliseacht cloí le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin iarghabhálacha an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Ba chóir d'údarais scoile bheith i dteagmháil rialta leis an múinteoir go dtí go bhfuil fianaise an t-iarratas ghrinnfhiosrúcháin faighte agus áit ar cóir, comhairle dhlíthiúil riachtanach a lorg. Ba chóir d'údarais scoile gach taifead de chumarsáid nó comhfhreagracht le múinteoirí san aird seo.

4.7 Ba chóir d'údarais scoile na pointí ríthábhachtacha seo a leanas a thabhairt faoi deara-

- Ní inseoidh an Chomhairle Mhúinteoireachta do scoileanna faoi shonraí na múinteoirí cláraithe nár chloigh le hiarratas an Chomhairle Mhúinteoireachta le haghaidh grinnfhiosrúcháin iarghabhálach. Is é cúram gach údarais scoile dul i gcomhairle lena foireann mhúinteoireachta cláraithe agus a chinntiú go bhfuil fianaise faighte acu go bhfuil iarratas curtha isteach ag an múinteoir sin le haghaidh grinnfhiosrúcháin faoi 31 Nollaig 2017.
- Áit a bhfuil litir Ghrinnfhiosrúcháin an Chomhairle Mhúinteoireachta faighte ag údarais scoile maidir leis an múinteoir nó a go bhfuarthas teacht ar fhaisnéisiú Bhiúró maidir leis an múinteoir (tríd an gclár ar líne leictreonach de mhúinteoirí), níl aon riachtanas ann grinnfhiosrúcháin a dhéanamh ar an múinteoir sin de réir /don mhúinteoir sin dul faoi ghrinnfhiosrúcháin faoi riachtanais iarghabhálacha an Achta Grinnfhiosrúcháin.
- Is ceart a rá nach féidir leis an Chomhairle Mhúinteoireachta cóipeanna de litir ghrinnfhiosrúcháin an Chomhairle Mhúinteoireachta a fhoilsiú faoi láthair ach is

féidir le múinteoirí cláraithe stádas grinnfhiosrúcháin GCVU roimhe seo a sheiceáil trí logáil isteach ar chuid “M’iarratas” de shuíomh gréasáin an Chomhairle Mhúinteoireachta www.teachingcouncil.ie. Cuimsíonn an chuid seo den suíomh gréasáin táscaire de mhúinteoir a bhfuil grinnfhiosrúchán déanta air ag an GCVU cheana féin. Is féidir le múinteoir an leathanach gréasáin cuí a thaispeáint don údarás scoile cuí ar chóir dó cóip clóite a choinneáil den rud céanna le haghaidh a dtaifead. Tá tuilleadh eolais faoi theacht ar an eolas seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chomhairle Mhúinteoireachta.

- Is féidir le múinteoirí cláraithe rochtain a thabhairt dá bhfostóir scoile ar a nochtadh Biúró tríd an gclár leictreonach ar líne.

5. Grinnfhiosrúcháin iarghabhálacha de fhostóirí agus neamh-fhostóirí

- 5.1 Maidir leis an bhfoireann eile uile agus neamh-fhostóirí, ba chóir d’údarás scoile a chinntiú gur aithníodh iad siúd a bhfuil grinnfhiosrúcháin déanta orthu cheana féin agus iad siúd nach bhfuil grinnfhiosrúcháin Garda déanta orthu go fóill. Ba chóir d’údarás scoile a chinntiú go bhfuil na céimeanna atá leagtha amach i gCuid 5 de gCiorclán 16/2017 tugtha acu chun na daoine sin nach mór dóibh grinnfhiosrúchán a dhéanamh orthu a aithint agus i gcuid 6 de chiorclán 16/2017 maidir le socruithe chun a chinntiú go ndéantar iarratais de ghrinnfhiosrúcháin iarghabhálacha faoi 31 Nollaig 2017.
- 5.2 Ba chóir d’údarás scoile teagmháil rialta a choinneáil leis na daoine sin lena chinntiú gur cuireadh iarratas grinnfhiosrúcháin isteach faoi 31 Nollaig 2017 agus más gá comhairle dhlíthiúil a lorg.
- 5.3 Ba chóir d’údarás scoile a thabhairt faoi deara i gcomhréir le cuid 3 den Acht Ghrinnfhiosrúcháin, nach bhfuil aon riachtanas iarghabhálach nó riachtanais ghrinnfhiosrúcháin eile de réir an Achta Grinnfhiosrúcháin maidir le daoine a chuidíonn ar scoil ar bhonn ócáideach agus neamhíoctha ar an gcoinníoll nach gcuimsíonn an cuidiú seo cóitseáil, meantóireacht, comhairleoireacht, páistí nó daoine leochaileacha a mhúineadh.

6. Scaipeadh

- 6.1 Ba chóir cóip den chiorclán seo a thabhairt do bhaill an bhoird bainistíochta agus don fhoireann i ngach scoil. Ba chóir cóip bheith tugtha do chumann na dtuismitheoirí fosta. Is féidir teacht ar an gclár seo ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Oiliúna ar www.education.ie Tá leagan Gaeilge den chiorclán seo ar fáil fosta ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
An Rannóg Rialachais Scoile

Samhain 2017